Sa Phobal

Mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí, is iad an lucht éisteachta príomhchúram RTÉ.

Is cuid thábhachtach agus lárnach de shochaí na hÉireann é RTÉ trí chláir dhúchasacha agus craolachán. Mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí, is iad an lucht éisteachta príomhchúram RTÉ agus tá RTÉ ann chun freastal ar a riachtanais chraolacháin náisiúnta. Tá ár lucht éisteachta comhdhéanta de phobail agus is iad sin a mhúnlaíonn mar a oibrímid ar bhonn laethúil ar leibhéal áitiúil agus ar leibhéal náisiúnta araon. Bímid ag idirghníomhiú le gach pobal laistigh dár sochaí bhríomhar ar go leor bealaí, ní amháin ó thaobh cláir a sholáthar. Seo a leanas samplaí gníomhaíochtaí a dtugann RTÉ urraíocht dóibh agus a mbíonn siad i gcomhpháirtíocht leo i go leor pobal éagsúil agus ar iad sin le chéile ár lucht éisteachta.

Comhpháirtíochtaí

Féile na gCultúr Domhanda
I 2005, thosaigh RTÉ mar chomhpháirtí meán ar an imeacht a síleann go leor faoi gur imeacht idirchultúir den scoth de chuid na hÉireann é. Áirítear san fhéile, a bhíonn ar siúl i nDún Laoghaire an deireadh seachtaine deiridh de mhí Lúnasa gach bliain, raon leathan imeachtaí sráide, téatair, aontaí ceoil agus ceardaíochta in iarracht chun cuidiú le hilchultúrachas in Éirinn.

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta
Tugann an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta deis do RTÉ a bheith rannpháirteach go gníomhach leis an bhfeirmeoireacht agus leis an bpobal tuaithe níos leithne ag imeacht dúchasach de chuid na hÉireann. Ar feadh thréimhse an Chomórtais, reáchtálann RTÉ seastán ina mbíonn fáilte roimh an bpobal i gcoitinne féachaint mar a chuirtear craolacháin beo ar an aer, agus chun casadh le daoine agus labhairt le daoine a mbíonn cleachtadh acu iad a chloisteáil ar an raidió nó a fheiceáil ar an teilifís.

RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona
Is údar mórtais do RTÉ a bheith i mbun na scéime *Ag Tacú leis na hEalaíona* a thugann deis do dhaoine aonair agus do ghrúpaí a bhíonn rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ealaíon ar fud na hÉireann a ngníomhaíochtaí a chur chun cinn ar RTÉ Raidió agus/nó ar RTÉ Teilifís. Tá sonraí na scéime agus mar is féidir iarratas a dhéanamh ar **www.rte.ie/about/supporting_arts.html**

Urraíocht

RTÉ Teileatón People in Need
Ó bunaíodh an teileatón sa bhliain 1988, tá os cionn €34 milliún bailithe ag People in Need trí RTÉ Teileatón People in Need. Tacaíonn an Teileatón, a eagraíonn agus a reáchtálann RTÉ, le gníomhaíochtaí bailithe airgid gach pobail in Éirinn a spreagtar chun airgead a bhailiú do charthanachtaí áitiúla níos lú.

Féile Drámaíochta Amaitéaracha Uile-Éireann RTÉ
Tá go leor pobal in Éirinn tiomanta go hiomlán agus go paiseanta do dhrámaíocht amaitéarach. Is mar gheall air sin, ar údar mórtais do RTÉ é urraíocht a thabhairt don Fhéile Drámaíochta Amaitéarach Uile-Éireann a bhíonn ar siúl go bliantúil i mBaile Átha Luain, agus soláthraítear tacaíocht airgeadais, fógraíocht ar an aer agus craolacháin laethúla i rith thréimhse na Féile.

Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT
Is údar mórtais do RTÉ urraíocht a thabhairt don chatagóir Eolaíochta Sóisialta agus Iompraíochta ag an dtaispeántas bliantúil seo. Mar aon le seastán a thionóil ar feadh thréimhse an taispeántais, tugann RTÉ deis do mhic léinn a bheith ina dtuairisceoirí nuachta nó ina láithreoirí aimsire ar feadh lae. Bíonn fáilte roimh mhúinteoirí agus roimh dhaoine den phobal freisin sásamh a bhaint as na craolacháin bheo, labhairt leis na láithreoirí agus cur isteach ar chomórtais.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar RTÉ sa phobal, féach ár ár dTuarascáil Freagracht Chorparáideach:
www.rte.ie/about/cr_report_english.pdf
www.rte.ie/about/cr_report_irish.pdf